

**Air Quality Monitoring
and Noise Control Unit**

Annual Report 2004

**Air Quality Monitoring and Noise Control Unit
Dublin City Council
Block 3, Floor 1
Civics Offices
Wood Quay
Dublin 8**

**An tAonad Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe
Torainn**

Tuarascáil Bhliantúil 2004

**An tAonad Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe
Torainn**
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Bloc 3, Urlár 1
Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid
Baile Átha Cliath 8

Executive Summary

This Annual Report deals with the activities of the Air Quality Monitoring and Noise Control Unit of Dublin City Council during 2004. These activities include:

1. Enforcement of air pollution control legislation
2. Monitoring of environmental noise and enforcement of noise control legislation
3. Air pollution monitoring
4. Research and provision of expertise on an ongoing basis to other services and departments in Dublin City Council

The areas of enforcement of air pollution and noise control legislation continued to be a major challenge during 2004. Complaints for air pollution increased by 20% from 2003, and noise complaints reached an all time high at 688 for the year. This is the greatest number of complaints ever dealt with by the Unit.

Air quality during 2004 has been generally good. Levels of benzene, lead, sulphur dioxide, black smoke and carbon monoxide have been satisfactory. Levels of nitrogen dioxide continued to reduce and levels of particulates (PM_{10}) were down on 2003. Compliance with impending mandatory levels will be a major challenge in the years ahead.

Achoimre Fheidhmeach

Tá cur síos sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar ghníomhaíochtaí an Aonaid Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe Torainn de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le linn 2004, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

5. Reachtaíocht a fhorghníomhú i dtaobh truailliú aeir a rialú
6. Monatóireacht ar thorann timpeallachta agus reachtaíocht a fhorghníomhú i dtaobh torann a rialú
7. Monatóireacht ar thruailliú aeir
8. Taighde a dhéanamh agus saineolas a sholáthar ar bhonn leanúnach do sheirbhísí agus do ranna eile de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Ba mhór an dúshlán orainn iad fós na réimsí le linn 2004 a bhain le reachtaíocht a fhorghníomhú i dtaobh truailliú aeir agus torann a rialú. Bhí méadú 20% ar na gearáin faoi thruailliú aeir ó 2003, agus is é 688 an líon is airde gearáin de dheasca torainn don bliain. Is é seo an líon is airde gearáin ab éigean don Aonad déileáil leo riamh.

Go ginearálta, bhí an aercháilíocht le linn 2004 go maith. Bhí na leibhéal bheinséine, luaidhe, dé-ocsaíd sulfair, deataigh dhuibh agus aonocsaíd charbóin sásúil. Laghdaigh na leibhéal dé-ocsaíd nítrigine go leanúnach agus bhí leibhéal den ábhar cáithníneach (PM_{10}) anuas i gcomparáid le 2003. Is mór an dúshlán orainn é sna blianta amach romhainn cloí le leibhéal shainordaitheacha a chuirfear i bhfeidhm go luath.

Table of Contents	Page
Executive Summary	2
Staff List	6
Significant developments during 2004	8
Air and Noise Pollution Control	10
Air Pollution complaints	10
Noise complaints	14
Prosecutions 2004	20
Outdoor Events	22
Fuel Regulations and inspections	24
Air Quality Monitoring	26
Network of monitoring stations in Dublin city	26
Continuous sulphur dioxide	28
Nitrogen dioxide	32
Carbon monoxide	36
Benzene	38
Particulates	40
Atmospheric Lead	46
Background Air Quality Monitoring	50
Daily black smoke and sulphur dioxide	50
Research – The PEOPLE Project	54
Reference material & Internet addresses	56

Clár na nÁbhar	Leathanach
Achoimre Fheidhmeach	3
Liosta Foirne	7
Forbairtí tábhachtacha le linn 2004	9
Truailliú Aeir agus Truailliú Torainn a Rialú	11
Gearáin de dheasca Truailliú Aeir	11
Gearáin de dheasca Torainn	14
Ionchúisimh 2004	21
Imeachtaí amuigh faoin Spéir	23
Rialacháin Bhreosla agus Cigireachtaí	25
Monatóireacht ar Aercháilíocht	27
Líonra de láithreáin monatóireachta i gCathair Bhaile Átha Cliath	27
Dé-orsaíd Sulfair Leanúnach	29
Dé-orsaíd Nítrigine	32
Aonocsaíd Charbóin	37
Beinséin	39
Ábhar Cáithníneach	41
Luaidhe Atmaisféarach	47
Monatóireacht ar Aercháilíocht Chúlrach	51
Deatach Dubh agus Dé-orsaíd Sulfair Laethúil	51
Tionscadal Taighde – <i>PEOPLE</i>	55
Tagairtí agus Seoltaí Idirlín	57

Staff List – 2004

Martin Fitzpatrick	Principal Environmental Health Officer
Paul Rutherford	Senior Environmental Health Officer
Sarah Middleton	Senior Environmental Health Officer
Tracey Healy	Environmental Health Officer
Gerry Osborne	Environmental Health Officer
Anne Marie McCartan	Environmental Health Officer
Mark Whelan	Environmental Health Officer
Paddy Douglas	Technical Support Officer

Liosta Foirne – 2004

Martin Fitzpatrick	Príomhoifigeach Sláinte Comhshaoil
Paul Rutherford	Oifigeach Sinsearach Sláinte Comhshaoil
Sarah Middleton	Oifigeach Sinsearach Sláinte Comhshaoil
Tracey Healy	Oifigeach Sláinte Comhshaoil
Gerry Osborne	Oifigeach Sláinte Comhshaoil
Anne Marie McCartan	Oifigeach Sláinte Comhshaoil
Mark Whelan	Oifigeach Sláinte Comhshaoil
Paddy Douglas	Oifigeach Tacaíochta Teicniúla

Significant developments in 2004

PEOPLE project

The PEOPLE (Population Exposure to Air Pollutants in Europe) Project was a one-day snapshot of the exposure of 150 volunteers to benzene in the City. It was supported by particulate monitoring at a number of indoor and outdoor sites around the city. The Project is discussed in greater detail later on in the report.

Audit

The Unit continues to be accredited to ISO 9001:2000, following another successful audit of its Quality Management System. The National Standards Authority of Ireland (NSAI) completed the audit in May 2004. It included for the first time all of the City Council's monitoring sites. Particular praise was given for the content of the Unit's training records, and recording of Key Performance Indicators (KPI) as recommended in previous NSAI audits.

Increase in the number of complaints

2004 was a record year for complaints made to the Air Monitoring and Noise Control Unit. A total of 991 complaints were recorded by the EHO's in the Unit, an increase of over 200 complaints on 2003. The majority of complaints were made to the Noise Control section, with 688 recorded. This figure includes over a hundred complaints about domestic noise nuisance, indicative of one of the problems associated with city living.

Forbairtí tábhachtacha le linn 2004

Tionscadal PEOPLE

Bhí Tionscadal *PEOPLE* (*Population Exposure to Air Pollutants in Europe* nó i nGaeilge ‘Risíocht an Phobail le Truailleán Aeir san Eoraip’) mar a bheadh sciobphictiúr aon lae ann a tógadh de risíocht 150 deonach le beinséin a bhí sa Chathair. Lena chois sin, rinneadh monatóireacht ar ábhar cáithnínearach i roinnt láithreán laistigh agus lasmuigh timpeall na cathrach. Pléifear an Tionscadal ar bhonn mionsonraithe níos faide anonn sa tuarascáil.

Iniúchadh

D'éirigh go maith leis an Aonad arís nó leanann sé de bheith creidiúnaithe de réir ISO 9001:2000 nuair a rinneadh iniúchadh eile ar an gCóras Bainistíochta ar Cháilíocht. Chuir An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an t-iniúchadh i gcrích i mBealtaine 2004. Cuireadh gach uile láithreán monatóireachta de chuid na Comhairle Cathrach san áireamh den chéad uair riamh. Tugadh moladh ar leith don ábhar a bhí le feiceáil i dtaifid oiliúna an Aonaid agus tugadh moladh don Aonad chomh maith siocair gur taifeadadh Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPI) de réir mar a ordaíodh in iniúchtaí eile roimhe seo de chuid an NSAI.

Méadú ar an líon gearán

Rinneadh líon gearán thar barr in 2004 leis an Aonad Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe Torainn. Thaifead na hOifigigh **Sláinte Comhshaoil** leis an Aonad líon iomlán de 991 gearán, méadú 200 gearán ó 2003. Rinneadh an chuid is mó de na gearáin leis an Rannóg Rialaithe Torainn. B'ionann sin agus 688 gearán a taifeadadh ar fad. Tá os cionn céad gearán faoi núis de dheasca torann tí san áireamh san fhigiúr seo, rud a léiríonn ceann de na fadhbanna a bhaineann le bheith i do chónaí i gcathair.


Air and Noise Pollution Control

The Air Monitoring and Noise Control Unit operate from Dublin City Council's Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8 and operates a number of external sites around the city. The Unit enforces legislation under both the Air Pollution Act 1987 and the Environmental Protection Agency Act 1992, and regulations made under these Acts. The investigation of complaints made by members of the public takes up a great deal of the Environmental Health Officers' (EHOs) time and includes overtime calls to prove nuisance in some cases. There was a record number of complaints made to the Unit in 2004, comprising of 303 air pollution complaints and 688 noise complaints. This is an increase of over 200 on the year before. The categories of complaint and subsequent discussion of the results are included in the next section.

Air Pollution complaints

The EHOs in the Unit investigate complaints from the public about numerous types of emissions around the city. This varies from backyard burning to emissions from factories and paint spray booths. Section 24 of the Air Pollution Act 1987 states that the occupier of any premises, other than a domestic dwelling shall use the best practicable means to limit and, if possible, to prevent an emission from such premises. It goes on to state that the occupier of any premises shall not cause or permit an emission in such a quantity, or in such a manner, as to be a nuisance. The officers respond to complaints by making site visits and establishing if nuisance exists. Should the property owners fail to take steps to comply, a Notice is served giving at least 14 days for compliance. Failure to comply with the terms of the Notice can lead to court proceedings but in the majority of cases, the nuisance can be resolved informally after the initial site visit.

In 2004 the Unit dealt with 303 complaints, an increase of 20% on 2003.



The overall number of commercial dust complaints increased greatly on 2003 and reflects the developing nature of the City.


Truailliú Aeir a Rialú agus Truailliú de dheasca Torainn a Rialú

Bíonn an tAonad Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe Torainn ag obair in Oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8 agus é i gceannas cúpla láithreán seachtrach timpeall na cathrach. Cuireann an tAonad reachtaíocht i bhfeidhm faoin Acht um Thruailliú Aeir, 1987 agus faoin Acht Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 araon, agus faoi rialacháin a rinneadh sna hAchtanna seo. Tá cuid mhór ama i gceist nuair a dhéanann Oifigeach Sláinte Comhshaoil (EHO) gearán an phobail a imscrúdú agus bíonn cuairteanna ragoibre san áireamh chun nús a chruthú i gcásanna áirithe. Rinneadh líon gearán thar barr in 2004 leis an Aonad, lena n-áiríodh 303 gearán de dheasca truailliú aeir agus 688 gearán de dheasca torainn. Is ionann an figiúr seo agus méadú níos mó ná 200 gearán i gcomparáid leis an bhliain roimhe. Tá na catagóirí gearán agus an plé a dhéantar ar na tortaí le fáil sa chéad mhír eile.

Gearán faoi Thruailliú Aeir

Imscrúdaíonn na hOifigigh Folláine Chomhshaoil leis an Aonad gearán ón bpobal faoina lán cineálacha astaíochta timpeall na cathrach. Tá dó ábhair i gcúl tí, astaíochtaí as monarchana agus as bothanna spréphéinteála i gceist anseo. Deirtear in Alt 24 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987 nach mó d'áititheoir aon átribh, seachas teaghais phríobháideach, leas a bhaint as an dóigh is fearr is féidir le hastaíocht ón áitreabh sin a theorannú agus, más féidir, a chosc. Deirtear lena chois sin nach gcuirfidh áititheoir aon átribh faoi deara ná ní cheadóidh sé nó sí astaíochta a theacht as an áitreabh sin i gcainníocht a d'fhágfadh nó ar shlí a d'fhágfadh gur nús í. Is amhlaíd a fhreagraíonn na hoifigigh gearán trí chuaireanna a dhéanamh ar an láthair agus trína bhunú an bhfuil ábhar núise ann. Má theipeann ar na húinéirí átribh bearta a chur i gcrích chun ceanglais an Actica a chomhlíonadh, seirbheálfar Fógra ina dtugtar tréimhse nach lú ná 14 lá chun iad a chomhlíonadh. Féadfar imeachtaí cúirte a thionscnamh má theipeann ar na húinéirí átribh téarmaí an Fógra a chomhlíonadh ach i bhformhór na gcásanna, is féidir an nús a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil tar éis an chéad chuairt a thabhairt ar an láthair.


In 2004, phléigh an tAonad le 303 gearán, sin méadú 20% ó 2003.



Garden fires accounted for almost a fifth of the total number of calls made to the Unit. The increase in number coincided with the introduction of bin charges in the city, which may have led to a number of people burning rubbish in their gardens.

Other categories, which contributed greatly to the overall number, are complaints about odours, fumes and burning from commercial premises.

The graph below indicates the source of the complaints in Dublin. The city centre postal districts that traditionally provided the greatest number of complaints did not do so in 2004. The districts of Dublin 6 and 12 were extremely busy for complaints throughout the year.



Complaint investigation

When a complaint comes into the Unit, it is assigned to the responsible Environmental Health Officer (EHO) for that district. The EHO will advise the complainant to keep a record of how often they are affected by the emission. In the case of backyard bonfires, a warning letter to those responsible for causing the fire is sent. This will normally have the effect of stopping the burning and no further action will be required.

On most other occasions, the EHO will call to the premises or property causing the nuisance and assess whether they are taking best practicable means. If the EHO establishes that best practice is not being taken, a Notice is served under Section 26 of the Air Pollution Act 1987 outlining the steps that must be taken by the occupier to make necessary improvements and resolve the problem. The EHO must give the occupier at least 14 days to comply with the terms of the Notice. If the occupier requires extra time in order to fulfil the terms of the Notice, this can be arranged with the EHO. In the majority of cases, improvements are made and the case can be closed. On some occasions, there may be the need to initiate legal proceedings but most cases can be resolved informally. Although 6 Notices were served in 2004, there were no prosecutions brought under the Air Pollution Act 1987.

Mhéadaigh an líon foriomlán de ghearáin de dheasca deannaigh ó fhoinsí tráchtála ó 2003, rud a chuireann in iúl a oiread forbartha atá ar siúl sa Chathair.


Tinte garraí is cúis leis an gcúigiú cuid, beagnach, den líon iomlán glaonna a rinneadh ar an Aonad. Tharla an méadú seo i gcomhthráth leis an uair a tugadh muirir araidí isteach sa chathair, rud a d'fhéadfadh bheith ina chúis le líon daoine bheith ag dó bruscair sna garraithe acu.

Is gearán de dheasca bolaithe, múchanna agus dó ábhair ó áitribh thráchtála iad na catagóirí eile a chuir go mór leis an líon foriomlán.

Léiríonn an graf thíos cá háit i mBaile Átha Cliath a ndearnadh na gearáin.

Ní raibh postcheantair lár na cathrach ina ndearnadh an líon is mó gearán roimhe seo ar bharr an liosta in 2004. Bhí ceantair Bhaile Átha Cliath 6 agus 12 fíorghnóthach ar fud na bliana i dtaca le gearán de.

Graf 2: Gearán Aeir de réir Postcheantair – Cathair Bhaile Átha Cliath 2004



Gearán a imscrúdú


Nuar a dhéantar gearán leis an Aonad, sannfar é don Oifigeach Sláinte Comhshaoil atá freagrach as an gceantar sin ina ndearnadh an gearán. Comhairleoidh an tOifigeach Sláinte Comhshaoil don ghearánaí taifead a choinneáil maidir le chomh minic agus a chuireann an astaíocht isteach orthu. I gcás tinte cnámh culchlóis, curfear litir foláirimh amach chuig an té atá freagrach as an tine a lasadh. De ghnáth, is leor an litir seo chun stop a chur leis an dó agus ní bheidh aon ghníomh eile riachtanach.

I gcuid mhór de na hócáidí eile, tabharfaidh an tOifigeach Sláinte Comhshaoil (EHO) cuairt ar na háitribh nó ar an áitreabh is cúis leis an núis chun a mheasúnú an bhfuil siad ag baint leasa as an dóigh is fearr is féidir. Má bhunaíonn an EHO nach bhfuil an cleachtas is fearr i bhfeidhm, seirbheálfar Fógra faoi Alt 26 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987 ina dtabharfar na bearta atá le cur i gcrích ag an átitheoir chun an feabhsúchán riachtanach a dhéanamh agus an fhadhb a réiteach. Caithfidh an EHO tréimhse nach lú ná 14 lá a thabhairt don átitheoir chun cloí le téarmaí an Fhógra. Má tá am breise de dhíth ar an átitheoir chun téarmaí an Fhógra a chomhlíonadh, is féidir sln a shocrú leis an EHO. I bhformhór na gcásanna, déantar an feabhsúchán agus tá deireadh leis an gcás. Ar ócайдí eile, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach imeachtaí dlí a thionscnamh ach is féidir mórchuid na gcásanna a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil. Ní dhearnadh aon ionchúiseamh faoin Acht um Thruailliú Aeir, 1987 in ainneoin gur seirbheáladh 6 Fhógra in 2004.

Noise Complaints

EHOs investigate complaints made in relation to commercial and industrial premises that give rise to noise nuisance and affect members of the public. The EHOs must establish nuisance under the Environmental Protection Agency Act 1992 (EPA Act 1992). In order to do so, the EHO must witness the nuisance and take noise readings directly, or alternatively install a noise meter plus a Digital Audio Tape (DAT) in the complainant's home. The complainant is obliged to keep a record of how often the noise is affecting their enjoyment of their property, and this may be produced in court as evidence.

Graph 3 indicates the number of complaints made by district in Dublin in 2004.




There were 688 complaints recorded in 2004. This is an increase of over 21% on the year before. As was the case in 2003, the majority of complaints arose in Dublin 1 and Dublin 8. Most of the other districts followed the same pattern as 2003.


Gearán de dheasca Torainn

Is amhlaidh a imscrúdaíonn Oifigigh Folláine Chomhshaoil gearán faoi áitribh thráchtála agus thionscláiocha atá ag cur as do bhaill an phobail de dheasca torainn. Caithfidh Oifigigh FC nús a shuí faoin Acht Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (an tAcht EPA, 1992). Chun na críche sin, caithfidh an EHO an nús a fhanú agus dírléimh thorainn a thaifeadadh, nó de rogha air sin, torannmhéadar mar aon le Clostéip Dhigiteach (DAT) a shuiteáil i dteach an ghearánaí. Tá sé d'oibleagáid ar an ngearánaí taifead a choinneáil maidir le cé chomh minic agus atá an torann ag cur as do theachtadh na maoine acu, agus d'fhéadfáí an taifead seo a thabhairt ina fhianaise i láthair cúirte.

Léiríonn Graf 3 an líon gearán de réir Postcheantair i mBaile Átha Cliath in 2004.




Taifeadadh 688 gearán in 2004. Seo méadú níos mó ná 21% le cois an figiúir sa bhliain roimhe. Mar ab fhíor in 2003, rinneadh an mhórchuid de na gearán faoi áitribh i mBaile Átha Cliath 1 agus i mBaile Átha Cliath 8. I dtaca le formhór na gceantar eile de, is ionann na figiúirí in 2004 agus in 2003 a bheag nó a mhór.



As can be seen from Graph 4, 247 complaints were made about noise from construction sites around the city. This represents 36% of the total number, and is also consistent with records in 2003. The Unit recommends compliance with the British Standard for Noise Control on Construction Sites (BS 5228). This code identifies best practice to minimise noise nuisance from construction activities. The majority of complaints centred on the operation of sites outside the hours recommended by the Planning Department. In the case of health and safety, or traffic control reasons, the Unit would seek that all contractors notify local businesses and residents in the area prior to such work taking place. Other aspects of construction noise include the use of generators and other machinery on site.

Domestic noise nuisance accounted for 111 complaints to the Unit, or 16% of the total. The EHOs have a limited function in dealing with domestic noise complaints and provide very much an advisory role to those having difficulty with their neighbours. Information is sent to complainants detailing how to take their complaint to the District Court. Common complaints include noise from loud music, DIY and various types of animals. Section 108 of the Environmental Protection Agency Act 1992 allows for cases of this type to be heard in the District Court.

An increasing number of complaints were made to the Unit about intruder alarms, accounting for 9% of the total number of complaints, an increase of 2% on 2003. Noise from such alarms is often intermittent and it can be difficult to prove nuisance. However, a warning letter is issued to the occupiers of the house to remind them of the terms of the voluntary code of practice ISEN 50131. The external audible alarm should have a maximum duration of 30 minutes and a minimum duration of 15 minutes from activation of the system. There should also be 2 nominated key holders who can access the property within 60 minutes of activation.




De réir mar atá le feiceáil i nGraf 4, rinneadh 247 gearán de dheasca torainn ó láithreáin foirgníochta timpeall na cathrach. Is ionann seo agus 36% den líon iomlán, agus tá an líon seo ar comhréir le líon 2003. Molann an tAonad gur cóir cloí leis an gCaighdeán Briotanach um Rialú Torainn ar Láithreáin Foirgníochta (BS 5228). Sainaithnítear sa chód seo an cleachtas is fearr chun an núis de dheasca torainn ó ghníomhaíochtaí foirgníochta a laghdú. Bhain an chuid is mó de na gearáin le láithreáin bheith ag feidhmiú lasmuigh de na huaireanta atá molta ag an Roinn Pleanála. Mar gheall ar chúrsáí sláinte agus sábháilteachta, nó ar chuíseanna a bhaineann le rialú tráchta, iarrann an tAonad ar gach conraitheoir dul i dteagmháil le gnólachtaí agus cónaitheoirí áitiúla sula gcuirfear aon obair den chineál sin ar siúl. Gineadóirí agus innealra eile ar an láithreán is cúis le cineálacha eile torainn de dheasca foirgníochta.


Mar gheall ar an núis de dheasca torann tí, rinneadh 111 gearán leis an Aonad, rud ab ionann agus 16% den líon iomlán. Tá ról teoranta feidhme ag na hOifigigh Sláinte Comhshaoil maidir le déileáil le gearán de dheasca torann tí agus is é rud go bhfeidhmíonn siad ar bhonn comhairleach dóibh siúd a bhfuil deacrachtá acu lena gcomharsana. Cuirtear faisnéis i dtaobh an gearán a thabhairt ar aghaidh ag an gCúirt Dúiche amach chuig gearánaigh. Is iad seo na gearáin is coitianta a dhéantar: torann ó cheol ard, obair 'Déan Féin É' agus ainmhithe difriúla. Ceadaítear faoi Alt 108 den Acht Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 go n-éistfeart le cásanna den chineál seo sa Chúirt Dúiche.

Mhéadaigh an líon gearán a rinneadh leis an Aonad faoi aláraim ionróirí, rud ab ionann agus 9% den líon iomlán gearán, sin méadú 2% ó 2003. Is minic a bhíonn torann uaineach le cloisteáil ó aláraim den chineál sin agus d'fhéadfadh sé bheith deacair an núis a chruthú. Ina ainneoin sin, cuirtear litir foláirimh amach chuig áititheoirí an tí a chuireann téarmaí chód cleachtais deonach ISEN 50131 i gcuimhne dóibh. Ba chóir go mairfeadh an t-aláram inchloiste seachtrach 30 nóiméad ar a fhad agus 15 nóiméad ar a laghad ón uair a dhéantar an córas a ghníomhachtú. Ba chóir go mbeadh beirt eochairsealbhóirí ainmnithe le fáil atá in inmhe dul isteach san áitreabh faoi cheann 60 nóiméad ó ghníomhachtú an aláraim.

Graph 5: Air and Noise complaints - Dublin City 1999-2004



Overall, the number of complaints made in 2004 to the Air Monitoring and Noise Control Unit totalled 991. This is a massive increase of over 200 complaints on 2003 and almost a doubling of the figure from 1999. A total of 55 Section 107 Notices were served in 2004.



As an iomlán, is é 991 an líon iomlán gearán a rinneadh leis an Aonad Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe Torainn in 2004. Is ionann seo agus a rá gur tharla méadú mór 200 gearán ó 2003 agus is beag nach bhfuil a dhá oiread gearán ann ó 1999. Rinneadh 55 Fógra Alt 107 ar fad a sheirbheáil in 2004.

Prosecutions in 2004

The Air Quality Monitoring and Noise Control Unit was involved in a number of successful prosecutions in 2004, with all 4 of the cases relating to noise nuisance.

Fines

In total, the amount of fines in relation to the noise cases amounted to €2,950. Costs of €5,600 were also awarded.

In the case of noise prosecutions, there were a number of orders made by the courts under Section 108 of the Environmental Protection Agency Act 1992, resulting in the resolution of the complaints. Predominantly, this related to the licensed premises and the level of amplified music emanating from them.

Prosecution categories:

The prosecutions are broken down as follows:

Noise Control	2 cases against licensed premises 2 cases against building contractors
----------------------	---

The Unit wishes to acknowledge the continued support of both the administrative staff in Dublin City Council and the solicitors involved in the presentation of all the cases.

Ionchúisimh in 2004

Bhí an tAonad Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe Torainn páirteach i líon ionchúiseamh a ghnóthú in 2004 ina raibh na 4 chás ar fad ag baint leis an núis de dheasca torainn.

Fíneálacha

San iomlán, bhí an méid fíneálacha i ndáil leis na cásanna torainn €2,950. Dámhadh costais €5,600 freisin.

Maidir le hionchúisimh thorainn, bhí líon orduithe a rinne na cúirteanna faoi Alt 108 den Acht Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arbh é an toradh a bhí orthu gur réitíodh na gearáin. Den chuid is mó, bhain na horduithe seo leis na háitribh cheadúnaithe agus le chomh hard agus a bhí an ceol aimplithe le cloisteáil astu.

Catagóirí ionchúiseamh:

Déantar miondealú ar na hionchúisimh mar seo a leanas:

Rialú Torainn	2 chúis in aghaidh áitreabh ceadúnaithe 2 chúis in aghaidh conraitheoirí tógála
----------------------	--

Ba mhian leis an Aonad a bhúiochas a ghabháil le foireann riarcháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus leis na dlíodóirí a bhí páirteach sna cásanna uile a thabhairt i láthair cúirte.

Outdoor Events 2004

Outdoor events, especially during the summer months have contributed to the social life of the city for many years. 2004 was not as busy as other years for outdoor events in Dublin. The Noise Control Unit carried out monitoring at the venues listed in Table 1 both during the sound tests and over the duration of the events.

Table 1: Outdoor events 2004		
Date	Location	Event
June 4th/5th/6th	Dublin Castle	Heineken Green Energy
June 6th	RDS	Britney Spears
June 12th	Phoenix Park	Red Hot Chilli Peppers
July 17th	RDS	Simon & Garfunkel
September 4th	Phoenix Park	O2 in the Park

Members of the Unit attend meetings at the pre-planning stage, and liaise with promoters and organisers of the events. A notice is served under Section 107 of the Environmental Protection Agency Act 1992 prior to all events. A schedule requesting compliance with the UK Noise Council Code of Practice for Concerts 1995 is attached, detailing permissible hours of operation and maximum noise levels during those hours.

Traditionally, a noise level of 75dB(A) is set for outdoor concerts. When there are more than 3 concerts in the year at a particular venue, the maximum permissible level is lowered to 67dB(A) in accordance with the UK Code of Practice.

The Unit also gave guidance to the companies operating ice rinks during the festive period in relation to plant noise.

There were no prosecutions for breaches of the legislation in 2004.

Imeachtaí Amuigh faoin Spéir in 2004

Is mór a chuir imeachtaí lasmuigh, go háirithe imeachtaí le linn an tsamhraidh, le saol sóisialta na cathrach le blianta beaga anuas. Ní raibh sé chomh gnóthach in 2004 agus a bhí i mblianta eile i dtaca le himeachtaí lasmuigh i mBaile Átha Cliath. Rinne an tAonad Rialaithe Torainn monatóireacht ar na hionaid atá i dTábla 1 le linn na dtástálacha fuaimé agus le linn na tréimhse araon a mhair na himeachtaí.

Tábla 1: Imeachtaí Amuigh faoin Spéir 2004

Dáta	Ionad	Ócайд
4/5/6 Meitheamh	Caisleán Bhaile Átha Cliath	Heineken Green Energy
6 Meitheamh	RDS	Britney Spears
12 Meitheamh	Páirc an Fhionnuisce	Red Hot Chilli Peppers
17 Iúil	RDS	Simon & Garfunkel
4 Meán Fómhair	Páirc an Fhionnuisce	O2 sa Pháirc

Is é rud go bhfreastalaíonn baill an Aonaid ar chruinnithe le linn na himeachtaí a phleanáil roimh ré, agus go dtéann siad i dteaghmáil le tionscnóirí agus le heagraithe na n-imeachtaí. Déantar fógra faoi Alt 107 den Acht Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 roimh gach uile ócайд. Tá sceideal iniata leis an bhfógra ina n-iarrtar go gcomhlíonfar Cód Cleachtais Chomhairle Torainn na RA (Ríocht Aontaithe) do Cheolchoirmearcha, 1995 agus ina sonraítear uaireanta incheadaithe tionóil agus uasleibhéal torainn le linn na n-uaireanta sin.

Go hiondúil, leagtar leibhéal torainn do cheolchoirmearcha amuigh ag 75dB(A). Sa chás sin ina mbeidh níos mó ná 3 cheolchoirm in aghaidh na bliana in aon ionad ar leith, déantar an t-uasleibhéal incheadaithe a ísliú go 67dB(A) de réir Chód Cleachtais na RA.

Thug an tAonad treoir mar gheall ar thorann innealra chomh maith do na cuideachtaí úd a bhí ag reáchtáil oighear-rinceanna le linn féile na Nollag.

Níor gnóthaíodh aon ionchúiseamh i leith an reachtaíocht a shárú in 2004.

Fuel Regulations

The Air Monitoring and Noise Control Unit enforce legislation relating to the sale of fuel in Dublin City. The Air Pollution Act 1987 (Marketing, Sale and Distribution of Fuel) Regulations 1990, 2000 were introduced originally in order to combat the smog problem in the city back in the late 1980s. Since their introduction, the quality of air has dramatically improved. The legislation is traditionally enforced during the winter heating season when sales of fuel are at their highest. However, the increased use of natural gas as a fuel source has had an impact on the number of properties burning solid fuel in the city.

The Unit carried out 181 inspections in 2004-05. As can be seen from the figures below in Table 2, the number of fuel depots operating in the city area has dramatically dropped in the last five years. More garage forecourts are selling briquettes and smokeless fuels too. Some fuel sampling was carried out but did not result in a prosecution.

Table 2: Fuel Regulations Inspections October 2000 - March 2005					
	2000-01	2001-02	2002-03	2003-04	2004-05
Fuel Depots	15	9	17	21	4
Vehicles	48	6	30	24	17
Shops/Garages	116	61	94	119	160
Total	179	76	141	164	181

Rialachán Breosla

Cuireann an tAonad Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe Torainn reachtaíocht i bhfeidhm i dtaobh breosla a dhíol i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tugadh an tAcht um Thruailliu Aeir, 1987 Rialachán (Margú, Díol, agus Imdháileadh Breoslá) 1990, 2000 isteach ó thús chun dul i ngleic leis an toitcheo a bhíodh ar fud na cathrach go mall sna 1980í. Ó cuireadh i bhfeidhm iad, is amhlaidh a tháinig feabhas suntasach ar an aercháilíocht. Is iondúil a dhéantar an reachtaíocht a fhorghníomhú le linn an pobal iad féin a théamh don gheimhreadh nuair is airde díolacháin bhreosla. Ina ainneoin sin, is amhlaidh is mó den phobal a úsáideann gás nádúrtha mar bhreosla, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an lón áitreabh ina ndóitear an breosla soladach sa chathair.

Rinne an tAonad 181 cigireacht in 2004-05. De réir mar atá le feiceáil ó na figiúirí thíos i dTábla 2, laghdaíodh an lón iostaí breosla a bhíodh ag feidhmiú laistigh de limistéar na cathrach ar bhonn suntasach le cúig bliana anuas. Táthar ag díol brícíní agus breoslá éadóite chomh maith ina lán réamhchúirteanna garáistí. Tógadh roinnt samplaí breosla ach níor gnóthaíodh aon ionchúiseamh dá bharr.

**Tábla 2: Cigireachtaí de réir Rialachán Breosla
Deireadh Fómhair 2000 - Márt 2005**

	2000-01	2001-02	2002-03	2003-04	2004-05
Iostaí Breosla	15	9	17	21	4
Feithiclí	48	6	30	24	17
Siopaí/Garáistí	116	61	94	119	160
Iomlán	179	76	141	164	181

Air Quality Monitoring

There is an extensive network of air monitoring sites around Dublin City operated and maintained by the Air Monitoring Unit. The site locations were originally determined by legal siting requirements and knowledge of particular areas that demand on-going monitoring. Several multi pollutant sites have been operating over the last number of years in Winetavern Street, Coleraine Street and Ballyfermot. These sites give a good overall picture of air quality in sensitive areas of the city.

The Air Quality Standards Regulations 2002 set out the limit values for all of the pollutants monitored by the Council. This includes sulphur dioxide (SO_2), nitrogen dioxide (NO_2), carbon monoxide (CO), benzene (C_6H_6), particulates and lead (Pb).

The analysers producing the sulphur dioxide, nitrogen dioxide, carbon monoxide and benzene run continuously. They require monthly internal calibration checks and six-monthly external maintenance and calibration checks. The Unit carries out its own laboratory work on the particulate filters. However, an external laboratory carries out lead analysis.

The entire air monitoring system is incorporated into the Quality Management System.

Sites

There were 3 multi-pollutant sites in Dublin City in 2004, plus a number of other individual sites being operated by the EHOs in the Unit.

Multi-pollutant sites

Winetavern Street – PM_{10} , BTX, NO_2 , CO, SO_2 , Lead

Coleraine Street – PM_{10} , NO_2 , CO, SO_2 , Lead

Ballyfermot – PM_{10} , NO_2 , SO_2

PM_{10} Sites

Marino

Rathmines

Phoenix Park

College Street (until August 2005)

Lead

Kilbarrack

Branch Road

College Street (until August 2005)

Black Smoke and SO_2 Monitoring

Ringsend

Crumlin

Finglas

Cabra

Monatóireacht ar Aercháilíocht

Coinníonn agus feidhmíonn an tAonad Monatóireachta ar Aercháilíocht a lán láithreán timpeall Chathair Bhaile Átha Cliath chun monatóireacht a dhéanamh ar an aer. Ó thus, socraíodh cá mbeadh suímh na láithreán de bharr na gceanglas dlíthiúil maidir leis na láithreáin seo a shuí agus de bharr eolais ar limistéir ar leith ina bhfuil gá le monatóireacht leanúnach. Tá roinnt láithreán iltruailleán ag feidhmiú le blianta beaga anuas i Sráid an Fhíona, Sráid Chúil Raithin agus i mBaile Formaid. Tugann na láithreáin seo léargas foriomlán ar aercháilíocht i limistéir íogaire na cathrach.

Leagann Rialacháin Chaighdeáin na hAercháilíochta, 2002 amach na luachanna teorann le gach uile thrualeán a ndéanann an Chomhairle monatóireacht orthu, lena n-áirítear dé-ocsaíd sulfair (SO_2), dé-ocsaíd nítrigine (NO_2), aonocsaíd charbóin (CO), beinséin (C_6H_6), ábhar cáithnínéach agus luaidhe (Pb).

Bíonn na hanailíseoirí a thairgeann dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, aonocsaíd charbóin agus beinséin ag feidhmiú ar bhonn leanúnach. Bíonn seiceála calabraithe inmheánacha de dhíth orthu gach mí agus bíonn seiceála cothabhála agus calabraithe seachtracha de dhíth orthu gach sé mhí. Déanann an tAonad a chuid oibre féin sa tsaotharlann ar scagairí an ábhair cháithnínígh. Is saotharlann sheachtrach í, áfach, a dhéanann an anailís ar luaidhe. Tá an córas iomlán aermhonatóireachta ag feidhmiú ina dhlúthchuid den Chóras Bainistíochta ar Cháilíocht.

Láithreán

Bhí trí láithreán iltruailleán i gCathair Bhaile Átha Cliath in 2004 mar aon le líon láithreán eile aonair a bhí á bhfeidhmiú ag na hOifigigh **Sláinte Comhshaoil** san Aonad.

Láithreán iltruailleán

Sráid an Fhíona – PM_{10} , BTX, NO_2 , CO, SO_2 , Luaidhe

Sráid Chúil Raithin – PM_{10} , NO_2 , CO, SO_2 , Luaidhe

Baile Formaid – PM_{10} , NO_2 , SO_2

Láithreán PM_{10}

Marino

Ráth Maonais

Páirc an Fhionnuisce

Sráid an Choláiste (go dtí Lúnasa 2005)

Luaidhe

Cill Bharróg

An Craobh-bhóthar

Sráid an Choláiste (go dtí Lúnasa 2005)

Monatóireacht ar Dheatach Dubh agus SO_2

An Rinn

Cromghlinn

Fionnghlas

An Chabhrach

Continuous Sulphur Dioxide (SO₂)

Exposure and health effects

There are a number of health effects associated with exposure to high levels of SO₂. They include breathing problems, worsening respiratory and cardiovascular disease and impacting on people with asthma or chronic lung disease. SO₂ causes its irritant effects by stimulating nerves in the lining of the nose and throat and the lung's airways.

SO₂ also damages trees and crops, and is one of the main precursors of acid rain. This in turn contributes to the acidification of lakes and streams and also impacts on corrosion of buildings.

The limit values for SO₂ are set out in Schedule 1 of the Air Quality Standards Regulations 2002. They are as follows:

Table 3: Limit values for SO₂

	Averaging Period	Limit Value	Margin of tolerance
Hourly limit value for the protection of human health	1 hour	350µg/m ³ not to be exceeded more than 24 times a calendar year	90µg/m ³ from the date of entry into force of these Regulations, reducing on 1 January 2003 and every 12 months thereafter by 30µg/m ³ to reach 0µg/m ³ by 1 January 2005
Daily limit value for the protection of human health	24 hours	125µg/m ³ not be exceeded more than 3 times a calendar year	None
Limit value for the protection of ecosystems	Calendar year and winter (1 Oct-31 Mar)	20µg/m ³	None

Dé-ocsaíd Sulfair Leanúnach (SO_2)

Risíocht agus iarmhairtí ar shláinte

Tá roinnt iarmhairtí ar shláinte de bharr risíochta le hardleibhéal dé-ocsaíd sulfair, lena n-áirítear fadhbanna análaithe, galar riospráide agus cardashoithíoch a théann i bhfeadánacht iontu siúd a bhfuil asma nó galar ainsealach scamhóg orthu. Imríonn SO_2 a tionchar greannach trí néaróga a ghríosú i líneáil na sróine agus na scornáí agus in aerchonairí na scamhóg.

Is amhlaidh a dhéanann SO_2 dochar do chrainn agus do bharra freisin, agus is ceann de na réamhtheachtaithe is mó í as a bhfoirmítear an bháisteach aigéadach. Dá bharr, is amhlaidh is mó a dhéantar lochanna agus sruthanna a aigéadú agus téann sé i bhfeidhm ar chreimeadh foirgneamh chomh maith.

Ta na luachanna teorann do SO_2 leagtha amach i Sceideal 1 de na Rialacháin Chaighdeáin Aercháilfoctha, 2002. Seo iad a leanas:

Tábla 3: Luachanna teorann do SO_2

	Tréimhse Mheánaithe	Luach Teorann	Corrlach Lamháltais
Luach teorann in aghaidh na huaire chun sláinte an duine a chosaint	1 uair	Gan dul thar $350\mu\text{g}/\text{m}^3$ níos mó ná 24 uaire in aghaidh na bliana féilire	$90\mu\text{g}/\text{m}^3$ ó thosach feidhme na Rialachán seo ar 1 Eanáir 2003 agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin faoi $30\mu\text{g}/\text{m}^3$ go mbainfear an sprioc $0\mu\text{g}/\text{m}^3$ faoi 1 Eanáir 2005
Luach teorann in aghaidh an lae chun sláinte an duine a chosaint	24 huaire	Gan dul thar $125\mu\text{g}/\text{m}^3$ níos mó ná 3 huaire in aghaidh na bliana féilire	Dada
Luach teorann chun éiceachóráis a chosaint	Bliain Féilire agus geimhreadh (1 DF- 31 Már.)	$20\mu\text{g}/\text{m}^3$	Dada

Results and discussion

The levels of SO₂ around Dublin are monitored at three sites around the city – Ballyfermot, Winetavern Street and Coleraine Street. The results from these sites are outlined in Table 4. The levels of SO₂ in the city are extremely low in the city. In some cases, they are barely above the detection level. This is well within the legislative requirements.

Table 4: Monitoring results for SO₂ – Dublin 2004

Site:	Annual daily mean µg/m³	Hourly mean µg/m³	Daily maximum µg/m³	Hourly maximum µg/m³
Coleraine St	4.1	4.1	39.2	113.5
Winetavern St	3.2	3.3	20.2	53.1
Ballyfermot	3.2	3.3	89.0	190.8

Torthaí agus anailís

Déantar monatóireacht ar leibhéal SO₂ timpeall Bhaile Átha Cliath ag trí láithreán ar fud na cathrach – Baile Formaid, Sráid an Fhíona agus Sráid Chúl Raithin. Léiríonn Tábla 4 na torthaí ó na láithreáin seo. Tá leibhéal SO₂ sa chathair go han-íseal ar fad. I gcásanna áirithe, is ar éigean a éiríonn siad thar an leibhéal aimsithe. Is maith a chomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla dá bharr.

Tábla 4: Tortaí monatóireachta do SO₂ – Baile Átha Cliath 2004

Láithreán:	Meán bliantúil in aghaidh an lae µg/m ³	Meán in aghaidh na huaire µg/m ³	Uasluach in aghaidh an lae µg/m ³	Uasluach in aghaidh na huaire µg/m ³
Sráid Chúil Raithin	4.1	4.1	39.2	113.5
Sráid an Fhíona	3.2	3.3	20.2	53.1
Baile Formaid	3.2	3.3	89.0	190.8

Nitrogen Dioxide (NO₂)

Exposure and health effects

Nitrogen dioxide (NO₂) is a gas produced from the burning of fossil fuels in vehicles, industrial plants, electricity power plants and other commercial and residential sources. Indoors, NO₂ can arise due to inadequately vented gas stoves, pilot lights and gas heaters. It is also present in tobacco smoke. Exposure to NO₂ irritates the lungs and can lower resistance to respiratory infection, especially for those already susceptible e.g. asthma and bronchitis sufferers.

NO₂ also plays a major role in atmospheric reactions that produce ground-level ozone, a major component of smog. This is formed when volatile organic compounds and nitrogen oxides (NO_x) react in the presence of sunlight.

NO_x help form acid rain. Acid rain causes deterioration of cars, buildings and historical monuments and causes lakes and streams to become acidic.

Results and discussion

